Parlaimint na hEorpa
2019-2024

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P9_TA(2023)0420

Ainmniú comhalta den Chúirt Iniúchóirí – Annemie Turtelboom

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2023 maidir le hainmniúchán Annemie Turtelboom mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí (C9-0355/2023 – 2023/0812(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0355/2023),

– ag féachaint do Riail 129 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0350/2023),

A. de bhrí go ndeachaigh an Chomhairle, i litir an 3 Deireadh Fómhair 2023, i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le hainmniúchán Annemie Turtelboom mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

B. de bhrí go ndeachaigh an Coiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa ar aghaidh le meastóireacht a dhéanamh ar dhintiúir Annemie Turtelboom, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 286(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; de bhrí go bhfuair an coiste, agus an mheastóireacht sin á déanamh aige, curriculum vitae ó Annemie Turtelboom, chomh maith lena cuid freagraí ar an gceistneoir i scríbhinn a bhí curtha chuici;

C. de bhrí gur thionóil an coiste éisteacht le Annemie Turtelboom ina dhiaidh sin an 7 Samhain 2023, éisteacht ina ndearna sí ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sí ceisteanna ó chomhaltaí an choiste ina dhiaidh sin;

1. ag tabhairt tuairim fhabhrach ar ainmniú Annemie Turtelboom ag an gComhairle mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus, mar fhaisnéis, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig institiúidí eile an Aontais Eorpaigh agus chuig institiúidí iniúchóireachta na mBallstát.